Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11029/22**

| | |
|---|---|
| **ONU 97** | **DEVGEN 148** |
| **CONUN 143** | **SUSTDEV 131** |
| **COHOM 74** | **ENV 738** |
| **CFSP/PESC 956** | **CLIMA 364** |
| **COPS 337** | **COHAFA 72** |
| **CSDP/PSDC 457** | **MIGR 220** |
| **CONOP 57** | **CODUN 26** |
| **COTER 188** | **SAN 450** |
| **COAFR 188** | **CYBER 263** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 77ú Comhthionól Ginearálta de na Náisiúin Aontaithe, Meán Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2023<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 18 Iúil 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 77ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2023, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 889ú cruinniú a reáchtáladh an 18 Iúil 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 77ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2023**[1]

## I. An cúlra — CÉN FÁTH?

1. Inniu, agus an domhan mór ag féachaint ar cheann de na dúshláin is mó riamh don tsíocháin agus don tslándáil dhomhanda, is é sin cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is tábhachtaí ná riamh an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe atá bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe a chaomhnú. Sin sa bhreis ar na scoilteanna agus na géarchéimeanna geopholaitiúla atá ann cheana amhail COVID-19 nó an t-athrú aeráide. Is bagairt orainn go léir iad bagairtí, ar aon chúinse, ar cheannasacht, ar iomláine chríochach agus ar neamhspleáchas aon Stáit, agus ní féidir cur suas leo. B'ionann gan cur i gcoinne bagairtí den sórt sin is glacadh le hord idirnáisiúnta a bheadh bunaithe ar úsáid an fhornirt.

2. Tá cogadh foghach, neamhdhleathach, gan chúis gan údar, na Rúise ag déanamh damáiste don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, don gheilleagar domhanda, agus don tslándáil bia ar bhealaí a dhéanann dochar do gach tír. I bhfianaise an mhasla seo ar an daonnacht, meabhraítear don Aontas agus dá Bhallstáit cineál ceangailteach Chairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine – an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine, an comhionannas inscne, dínit an duine, cearta comhionanna náisiún mór agus beag – agus cuireann siad i bhfios go láidir gur prionsabail uilíocha iad prionsabail bhunaidh na Náisiún Aontaithe. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcreideann sé, de bharr a gcineáil agus a raon feidhme domhanda, nach féidir le tíortha aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin ár linne agus iad ag gníomhú ina n-aonar ach go gcaithfidh siad cur le chéile chun dul i ngleic leo.

---

[1] Tríd síos sa doiciméad seo, ní dhéanann úsáid 'an tAontas' réamhbhreith i dtaobh cibé acu an ag 'an tAontas', 'an tAontas agus a Bhallstáit' nó 'na Ballstáit' go heisiach atá an inniúlacht.

3. Tugann freagairt láidir an domhain ar an sárú gan náire sin ar Chairt na Náisiún Aontaithe teachtaireacht bhríomhar, is é sin go ngabhann tábhacht i gcónaí leis an iltaobhachas agus leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus nár cheart go nglacfaí le húsáid fornirt dá leithéid sa 21ú haois. Bhí na Náisiúin Aontaithe in ann freagairt ar an ngéarchéim seo agus é féin a chur in oiriúint di trína imscaradh féin agus trína bheith i láthair pé áit ina raibh sé ag teastáil. Caithfear stop a chur láithreach leis an gcogadh díchéillí seo nach bhfuil de thoradh ar ach, slad, léirscrios, agus fulaingt daoine. In éineacht lena gcomhpháirtithe, déanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a seacht ndícheall le go mbeidh an domhan níos sábháilte do chách, san Eoraip agus níos faide i gcéin, tríd an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chosaint agus an tsíocháin agus an rathúnas a áirithiú.

4. Ní raibh an domhan ach i dtosach a théarnaimh ón bpaindéim nuair a chuir an Rúis tús lena cogadh foghach, neamhdhleathach, gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine agus d'fhág an domhan faoi scáth an amhrais an athuair. Tá éifeachtaí tubaisteacha ag teacht ó chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar dhomhan a bhí ag fulaingt cheana féin ó COVID-19 agus ón athrú aeráide. Nuair a bhí tíortha ar a ndícheall ag iarraidh téarnamh ó phaindéim COVID-19 agus dul chun cinn a dhéanamh le spriocanna forbartha inbhuanaithe cuireadh tuilleadh dúshlán amach rompu amhail na géarchéimeanna bia, fuinnimh agus airgeadais atá ag bagairt anois orthu.

5. Anois níos mó ná riamh, is mithid an dlúthpháirtíocht a léiriú agus a thaispeáint go n-oibríonn an t-iltaobhachas le linn géarchéime. Tá tionchair dhomhanda á n-imirt ag fogha na Rúise agus tá siad le brath ag daoine san uile chearn den domhan, ach dar ndóigh is orthusan is leochailí atá na tionchair is tubaistí. Ba cheart do ghníomhaithe iltaobhacha – na Náisiúin Aontaithe, Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, G7 agus G20 – teacht le chéile agus réitigh láidre iltaobhacha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha agus ar bhunchúiseanna na ngéarchéimeanna idirnasctha. Ní mór dúinn gníomhú anois chun corraíl shóisialta agus tuilleadh éagobhsaíochta a sheachaint in go leor áiteanna ar domhan. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le Grúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna Domhanda maidir le Bia, Fuinneamh agus Airgeadas na Náisiún Aontaithe (GCRG) i ndáil leis an méid sin. Tá an iliomad tionscnamh seolta ag an Aontas agus a Bhallstáit a bhfuil sé d'aidhm acu tionchair thromchúiseacha na géarchéime bia a mhaolú agus leanfaidh siad de bheith ag obair i bpáirt leis na comhpháirtithe uile d'fhonn na hiarmhairtí a mhaolú, lena n-airítear go háirithe, aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil bia agus míchothú chomh maith le riachtanais dhaonnúla atá ag dul in olcas, i measc rudaí eile.

6. Ós tástáil bhunúsach ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe é cogadh na Rúise san Úcráin, tá bearnaí suntasacha sa rialachas domhanda nochta aige agus tá aird tarraingthe aige arís eile ar an ngá le nuachóiriú agus athchóiriú ar na Náisiúin Aontaithe i bhfianaise na scoilteanna geopholaitiúla a bheith ag dul i méid. Ba cheart dúinn leas a bhaint as an deis stairiúil a thugann próiseas na Náisiún Aontaithe *Our Common Agenda* [Ár gComhchlár Oibre] chun athchóirithe ar an rialachais domhanda a thabhairt isteach, ionas go mbeidh an córas iltaobhach, bunaithe ar na Náisiúin Aontaithe, oiriúnach don saol nua atá le teacht agus gur ionas fearr a bheimid in ann ár ngealltanais chomhroinnte dhomhanda a chomhlíonadh. Oibreoidh an tAontas i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaithe ábhartha uile chuige sin – de mheon iltaobhachais atá fíorchuimsitheach agus líonraithe.

## II. 'Ár gComhchlár Oibre' – ár mbealach chun cinn a shainiú – CAD É?

### *1. Síocháin agus rathúnas a áirithiú*

7. Ba cheart do na Náisiúin Aontaithe, mar an t-aon eagraíocht amháin a thugann gach tír le chéile, leanúint den idirphlé a chur chun cinn mar an bealach is fearr chun teacht ar réitigh inbhuanaithe ar choinbhleachtaí i ngach cearn den domhan. I bhfianaise an líon coinbhleachtaí foréigneacha a bheith ag dul i méid ar fud an domhain chomh maith le bagairtí an lámh láidir a úsáid, agus sáruithe arís agus arís eile ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, mar aon le cultúr forleathan den tsaoirse ó phionós, tá gá le cur chuige nua agus níos láidre i leith na síochána agus na slándála, a bheidh fréamhaithe i gcearta an duine agus i mbunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Léiríonn cumas na Rúise bac a chur ar fhreagairt éifeachtach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar an bhfogha atá á thabhairt ag an Rúis féin faoin Úcráin nach bhfuil an bosca uirlisí atá ar fáil dúinn oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ollmhóra atá os comhair an domhain.

*a) Clár Oibre Nua ar son na Síochána*

8. Tá 'Clár Oibre Nua ar son na Síochána' uaillmhianach ag teastáil uainn don lá atá inniu ann, clár lena gcuirfear cur chuige cuimsitheach agus comhtháite chun cinn agus lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin don tsíocháin agus don tslándáil agus na bagairtí orthu, atá ann anois agus a thiocfaidh amach anseo, agus lena gcuirfear dlús le cur chun feidhme na gclár oibre do mhná, don tsíocháin agus don tslándáil chomh maith leis na cláir oibre don óige, don tsíocháin agus don tslándáil. Ní mór dúinn a áirithiú gur féidir le Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar an phríomhchomhlacht síochána agus slándála idirnáisiúnta, a ról a chomhlíonadh agus an teannas agus an choimhlint gheopholaitiúil ag dul i méid. Is iarracht thábhachtach é an tionscnamh a glacadh le déanaí lena gcruthaítear sainordú buan chun Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a thionól go huathoibríoch gach uair a dhéantar ceart crosta a úsáid i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chun an trédhearcacht agus an chuntasacht a mhéadú ag na Náisiúin Aontaithe. Tacaíonn an tAontas go hiomlán leis an tionscnamh maidir le cumhachtaí crosta a chur ar fionraí i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcásanna ainghníomhartha móra.

9. Leis an 'Clár Oibre Nua', ba cheart béim níos láidre a leagan ar chosc, trí leas iomlán a bhaint as bosca uirlisí taidhleoireachta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear acmhainneachtaí idirghabhála a neartú, agus ba cheart dó a bheith i gcomhréir le cothú na síochána agus le hiarrachtaí an tsíocháin a choimeád ar gach leibhéal. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh misin síochánaíochta na Náisiún Aontaithe níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, i gcomhréir leis an gclár oibre um Ghníomhaíocht le haghaidh na Síochánaíochta (A4P) agus le plean cur chun feidhme A4P+, agus go mbeidh siad á dtreorú ag straitéisí polaitiúla inoibrithe, ionas gur féidir leo rannchuidiú le réitigh pholaitiúla ar choinbhleachtaí, atá fréamhaithe i gcearta an duine, a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, tá sé ríthábhachtach an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht iomlán an Choimisiúin um Chothú na Síochána, agus a ról comhairleach, tionólta agus nasctha a neartú chun tacú le hiarrachtaí síochána ar fud an domhain. Is féidir ról an Choimisiúin um Chothú na Síochána a neartú a thuilleadh mar ardán chun tiomantas polaitiúil a mhealladh ó rialtais agus ó mhórdheontóirí chun an tsíocháin a chothú agus coinbhleachtaí a chosc. Ní mór Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána a mhaoiniú go leordhóthanach, go hintuartha agus go hinbhuanaithe, agus d'fhéadfadh ranníocaíochtaí measúnaithe cabhrú go mór i ndáil leis sin.

10. Ní mór dúinn a bheith in ann dul i ngleic níos fearr le bagairtí agus dúshláin nua. Leis an 'Clár Oibre Nua', beidh gá le comhar a neartú chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht thrasnáisiúnta, an gháinneáil ar dhaoine, ionsaithe hibrideacha lena n-áirítear ionstraimiú imirceach agus dídeanaithe, chomh maith le rioscaí cibearbhainteacha a chosc agus a chomhrac, agus an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine, agus beidh gá le tiomantas níos diongbháilte maidir le dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm, lena dtreiseofar an rialachas domhanda chun úsáid shíochánta, shlán agus inbhuanaithe a bhaint as an gcianspás, agus chun ár n-acmhainneacht fadbhreathnaitheachta a neartú ionas gur féidir linn géarchéimeanna a chosc, freagairt orthu go mear agus iad a bhainistiú. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe freisin i dtreo straitéis dhomhanda chun cur i gcoinne ionramháil faisnéise agus cur isteach ón iasacht.

11. Oibreoidh an tAontas chun an creat iltaobhach maidir le dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm a chaomhnú, creat atá ag teacht faoi bhrú níos mó le cogadh gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Braitheann an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta ar urraim don dlí idirnáisiúnta ag Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe agus ag an gcomhphobal idirnáisiúnta ar fad. Tá sé ríthábhachtach an creat iltaobhach a neartú chun tuilleadh meatha ar an staid slándála dhomhanda a chosc.

12. Beidh sé ina chuid ríthábhachtach den 'Clár Oibre Nua' dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm a chur chun cinn. Oibreoidh an tAontas chun an córas iltaobhach um dhí-armáil agus neamhleathadh a neartú, a chur chun feidhme agus a uiliú. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí uiliú agus cur chun feidhme iomlán an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na hionstraimí iltaobhacha i gcoinne airm cheimiceacha agus bhitheolaíocha, chun seasamh leis an toirmeasc dlíthiúil idirnáisiúnta ar airm den sórt sin, agus chun a áirithiú nach mbeidh aon saoirse ó phionós ann dóibh siúd a úsáideann iad. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na gnáthionstraimí agus do na córais iltaobhacha um rialú onnmhairí agus dá neartú. Tabharfaidh an tAontas aghaidh arís ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le córais arm uathrialaitheach marfach, tacóidh sé le húsáid fhreagrach mhíleata a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus cuirfidh sé chun cinn iompraíocht fhreagrach agus cosc ar mhíleatú agus ar rás arm sa chianspás.

### *b) Gan aon duine a fhágáil ar lár*

13. Tá dlúthnasc idir ár n-iarrachtaí an tsíocháin agus an tslándáil a choinneáil agus an cumas atá againn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda eile — deireadh a chur leis an mbochtaineacht, éagothromaíochtaí agus éagóir a laghdú, agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú an chomhshaoil, sláinte dhomhanda, comhionannas inscne, cosaint shóisialta uilíoch agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn, seasamh le cearta an duine, prionsabail dhaonlathacha, agus an smacht reachta agus cuntasacht a chur chun cinn. Ós rud é go bhfuil níos lú ná deich mbliana fágtha go dtí 2030 agus bac breise á chur ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) mar gheall ar phaindéim COVID-19, ar an 'géarchéim phláinéideach thriarach', agus ar thionchair dhomhanda chogadh foghach na Rúise, ní mór dúinn a bheith ar an mbóthar ceart sula mbeidh sé ródhéanach. Is é an phríomhthosaíocht atá againn an athléimneacht a neartú i gcoinne suaití a bheidh ann amach anseo agus téarnamh inbhuanaithe, cothrom agus cuimsitheach a áirithiú. I ndáil leis sin, tabharfaidh an tAontas an-aird ar a áirithiú nach mbainfidh iarmhairtí ionsaí na Rúise an bonn den dul chun cinn maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ná maidir le téarnamh ón bpaindéim. An neamhshlándáil bia agus an míchothú atá ag teacht chun cinn go mear ar fud an domhain agus atá á bhfeiceáil sa lá atá inniu ann, is meabhrú é sin ar an ngá atá le córais bia inbhuanaithe agus athléimneacht aeráide a chothú, go háirithe i réigiúin leochaileacha. Is é Clár Oibre 2030 an treochlár atá againn i gcónaí, agus ní mór dúinn dlús a chur lena chur chun feidhme. Ní mór dúinn an ghéarchéim seo a iompú ina deis chun dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ionas nach bhfágfar aon duine ar lár. De réir mar a thagann méadú ar dhéine agus ar chastacht géarchéimeanna, tá sé ríthábhachtach, chun freagairt chomhchoiteann éifeachtach a áirithiú, go mbeidh comhar agus sineirgí níos fearr i measc gníomhaithe daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, agus sin in éineacht le rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta agus gníomhaithe eile.

14. Cuireann Global Gateway an Aontais go mór leis na hiarrachtaí sin. Le Global Gateway, tá straitéis uaillmhianach curtha chun cinn ag an Aontas chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda is práinní, chun borradh a chur faoi fhorbairt bonneagair atá cliste, glan agus slán in earnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair, chun an tsláinte, córais oideachais agus taighde ar ardchaighdeán a neartú ar fud an domhain, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Déanfaidh an tAontas infheistíochtaí nascachta a bheidh athléimneach agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha trédhearcacha a chur chun cinn ina leith sin. Cuirfidh ár straitéis nua le hinfheistíochtaí a chuireann luachanna daonlathacha, ardchaighdeáin agus dea-rialachas chun cinn, agus cuirfidh sí ar chumas ár gcomhpháirtithe a sochaithe agus a ngeilleagair a fhorbairt agus tairbhí marthanacha i gceist do phobail áitiúla. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go dlúth i dtacú leis an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe ar fud an domhain, agus cur i gcrích an Chláir Oibre Uirbigh Nua á shaothrú aige.

15. Tá conradh láidir sóisialta riachtanach chun go mbeidh saol maith ag daoine, agus chun go mbeidh gach duine in ann páirt a ghlacadh sa tsochaí, mar a ghealltar i gClár Oibre 2030. Tacaíonn an tAontas leis an togra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le conradh sóisialta athnuaite lena gcuimsítear gné láidir shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear cosaint shóisialta, obair chuibhiúil agus oideachas ardcháilíochta. Tá sé ríthábhachtach an conradh sóisialta a atógáil trí chur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar chearta an duine chun mímhuinín idir Stáit, saoránaigh agus geallsealbhóirí eile a shárú, agus chun an comhtháthú sóisialta agus an dlúthpháirtíocht a fhorbairt, mar aon le timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta.

16. Chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach ar bhealach níos comhtháite, níos comhleanúnaí, níos éifeachtúla agus níos dírithe ar thorthaí, tá sé ríthábhachtach athchóiriú chóras forbartha na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme ina iomláine agus dul chun cinn leanúnach a dhéanamh i dtreo 'gníomhú aontaithe' de chuid na Náisiún Aontaithe. Tá ról tábhachtach ag Comhordaitheoirí Cónaitheoirí cumhachtaithe na Náisiún Aontaithe ina leith sin. Tá tábhacht i gcónaí leis an ngá atá le réiteach maoiniúcháin fadtéarmach intuartha inbhuanaithe do Chóras na gComhordaitheoirí Cónaitheacha.

### *c) Cearta an duine agus an smacht reachta*

17. Fágtar i bhfad an iomarca daoine ar gcúl maidir le tairbhe a bhaint as cearta an duine. Tá cearta an duine, bídís sibhialta agus polaitiúil, nó eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha, uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar. Baineann siad le gach duine, i ngach aon áit, gan idirdhealú de chineál ar bith. Is chun leas gach duine atá sé cearta uile an uile dhuine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, de mheon na luachanna uilíocha atá mar bhonn taca ag sochaí atá cothrom, shaor agus inbhuanaithe. Leanfaidh an tAontas d'uilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, an chomhionannais inscne, an daonlathais, an dea-rialachais agus an smachta reachta agus an fhrith-éillithe a chur chun cinn agus a chosaint go bríomhar. Leanfaimid de thacaíocht agus cosaint a thabhairt do chosantóirí spás na sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine. Tacóidh an tAontas le fís nua an Ardrúnaí maidir leis an smacht reachta lena gcuirtear daoine i gcroílár an chórais cheartais. Leanfaidh an tAontas de sheasamh go daingean i gcoinne gach cineáil idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus don uile dhuine a bheith i dteideal réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh.

18. Tacóidh an tAontas le gach bean agus cailín leas iomlán a bhaint as cearta uile an duine, ceannaireacht agus rannpháirtíocht chomhionann, iomlán, éifeachtach agus fhóinteach, chomh maith le cumhachtú eacnamaíoch na mban a éascú, lena n-áiritheofar go gcuimseofar guthanna óga na mban agus na gcailíní agus a ról mar ghníomhaithe don athrú. Ní ghlacfaimid le haon iarracht an bonn a bhaint de shaoirsí bunúsacha ná ó na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le cearta an duine, agus leanfaidh muid de sháruithe agus de mhí-úsáid chearta an duine a cháineadh go géar cibé áit a dtarlaíonn siad. Leanfaidh an tAontas de gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus a dhíothú i gcroílár a chuid iarrachtaí. Cáineann an tAontas úsáid an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear mar arm cogaidh. I ndomhan atá ag éirí níos éagobhsaí ná riamh, mar thoradh ar fhoréigean agus ar choinbhleachtaí fada, tá cosaint na sibhialtach, lena n-áirítear mná agus leanaí i gcoinbhleachtaí armtha, ina thosaíocht ag an Aontas fós. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar rioscaí nua éiritheacha atá ag teacht chun cinn le déanaí maidir le cearta an duine, — bagairtí hibrideacha, forbairtí teicneolaíochta, an t-athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil, agus iarmhairtí leanúnacha phaindéim COVID-19 san áireamh.

19. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus tá sé tiomanta i gcónaí do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, agus sin saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis inacmhainne chuimsitheach ar ardchaighdeán, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis agus seirbhísí cúraim sláinte.

20. Cuireann 'ár gComhchlár Oibre' creat tábhachtach ar fáil chun cearta an duine a phríomhshruthú ar fud cholúin uile na Náisiún Aontaithe. Déanfaidh an tAontas gach iarracht cearta an duine a chur i gcroílár chlár oibre na Náisiún Aontaithe, agus cuirfidh sé córas domhanda neartaithe maidir le cearta an duine chun cinn trí comhghuaillíochtaí níos doimhne a chruthú le comhpháirtithe. Leanfaimid de bheith ag tacú le soláthar éifeachtach ag córas na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus lena neamhspleáchas, chomh maith le cistiú inbhuanaithe leordhóthanach.

21. Ní mór dúinn an ceartas idirthréimhseach agus an chuntasacht a neartú as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar an dlí um chearta an duine agus as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta freisin, lena n-áirítear tríd an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus ár gcuid oibre a chur chun cinn i dtreo Coinbhinsiún maidir le coireanna in aghaidh an chine dhaonna a chosc agus a phionósú. Leanann an tAontas de bheith ag tacú go diongbháilte leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh daingniú uilíoch Reacht na Róimhe agus comhoibriú iomlán leis an gCúirt sin. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go n-urramófar go hiomlán an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta mar aon le rochtain shábháilte, thapa agus gan bhac ag gníomhaithe daonnúla ar na pobail atá buailte. Ní féidir le déantóirí coireanna idirnáisiúnta a bheith saor ó phionós. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cosaint chearta an duine, agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, go glórach, agus tacóidh sé le rochtain neamhshrianta ar shásraí idirnáisiúnta um chearta an duine. Ba cheart go gcuirfeadh cur chun feidhme éifeachtach an chláir oibre 'Freagracht as Cosaint' leis an iarracht sin freisin.

*d) Oideachas*

22. Ní hamháin gur ceart bunúsach de chuid an duine í rochtain ar oideachas cuimsitheach cothrom ardcháilíochta, ach tá sí bunriachtanach freisin chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le gach SDG. Tá cumhacht chlaochlaitheach ollmhór aici chun domhan agus téarnamh atá inbhuanaithe, cóir, cuimsitheach, níos cothroime agus níos athléimní a bhaint amach, lena n-áirítear trí chomhionannas inscne a chur chun cinn san oideachas agus tríd an oideachas. Chuir an phaindéim srian breise ar rochtain ar oideachas ardcháilíochta, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha agus go háirithe i dtíortha atá buailte ag coinbhleachtaí agus éigeandálaí daonnúla, rud a chuir leis na héagothromaíochtaí oideachais a bhí ann cheana. Tá tionchar breise ag an deighilt dhigiteach ar chórais oideachais. Tá tionchar tubaisteach ag an ngéarchéim dhomhanda foghlama dífhasaigh seo ar chearta leanaí agus daoine óga agus tá impleachtaí aici don tsíocháin, don chomhtháthú sóisialta agus don rathúnas amach anseo.

23. Tá an tAontas an-tiomanta tacú leis an oideachas ar gach leibhéal, córais a neartú trí infheistíochtaí fianaise-bhunaithe méadaithe, ag díriú ar chothromas agus ar chuimsiú, go háirithe oideachas cailíní, agus ar mhúinteoirí agus ar thorthaí foghlama feabhsaithe. Tá sé práinneach maoiniú intíre agus idirnáisiúnta don oideachas a mhéadú agus béim á leagan ar thíortha ísealioncaim agus ar thíortha leochaileacha, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht beartas agus ar chomhoibriú na ngníomhaithe sa phleanáil oideachais agus i neartú an chórais. Leis an tionscnamh nua de chuid an Aontais maidir leis an gclár oibre digiteach agus leis an oideachas a seoladh ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, rannchuideofar le rochtain chuimsitheach chomhionann ar theicneolaíochtaí nua agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach, lena n-áirítear trí rochtain ar oideachas digiteach ar fud an domhain a áirithiú. Tá géarghá le hoideachas níos fearr agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do gach foghlaimeoir, chun foghlaim agus forbairt scileanna ar mhaithe le hinfhostaitheacht fheabhsaithe a chur chun cinn, chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí ar gach leibhéal, agus chun foghlaim dhigiteach agus oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a áirithiú. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh an Cruinniú Mullaigh maidir le Claochlú an Oideachais atá ar na bacáin fíorchlaochlaitheach sna réimsí sin ar fad chun rochtain chothrom ar oideachas ardcháilíochta a chur chun cinn don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht. Cuirfidh sé deis thábhachtach ar fáil chun an fhorbairt dhaonna agus an t-oideachas a chur i gcroílár an chláir oibre dhomhanda i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin.

### *2. Ullmhú níos fearr don todhchaí*

24. Tá fogha na Rúise faoin Úcráin ina cúis le héagobhsaíocht mhéadaithe agus le níos mó rioscaí maidir le hilroinnt an chomhphobail idirnáisiúnta, rud atá níos measa fós mar gheall ar iarmhairtí socheacnamaíocha na coinbhleachta atá ag éirí níos déine. Tá neamhshlándáil an tsoláthair bia, rochtain theoranta ar fhuinneamh agus ar amhábhair mar gheall ar chur isteach ar thrádáil, chomh maith le hiarmhairtí maicreacnamaíocha amhail boilsciú ard agus leibhéil fiachais atá ag ardú, ag cur isteach ar go leor tíortha ar fud an domhain. Rannchuideoidh an tAontas leis na hiarmhairtí is práinní a bheidh ag an ngéarchéim seo a mhaolú agus oibreoidh sé le tíortha comhpháirtíochta chun athléimneacht fhadtéarmach in aghaidh suaití den sórt sin a chothú.

#### *a) Slándáil sláinte agus ullmhacht ar fud an domhain a neartú*

25. Le paindéim COVID-19, nochtadh bearnaí i gcumas an domhain freagairt go tapa ar ghéarchéimeanna sláinte domhanda agus leagadh béim ar an ngá atá le hailtireacht dhomhanda sláinte níos láidre agus níos cuimsithí, agus ról lárnach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Is é an príomhcheacht a foghlaimíodh ón bpaindéim nach bhfuil an creat iltaobhach reatha don tsláinte dhomhanda oiriúnach dá fheidhm a thuilleadh agus gur gá dúinn infheistíocht shuntasach a dhéanamh san acmhainneacht dhomhanda slándála sláinte chun go mbeidh sé níos ullmhaithe amach anseo. Sa bhreis ar an bpaindéim atá ann faoi láthair a chomhrac agus an domhan a vacsaíniú, agus rochtain dhomhanda thráthúil, inacmhainne agus chothrom ar vacsaíní á háirithiú ag an am céanna, is é sprioc dheiridh an Aontais i gcónaí an Clúdach Sláinte Uilechoiteann a chur chun cinn agus córais sláinte láidre athléimneacha a thógáil i dtíortha comhpháirtíochta i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin.

26. Leanfaidh an tAontas de bheith ina cheann feadhna sa chaibidlíocht i dtreo coinbhinsiún, comhaontú nó ionstraim idirnáisiúnta eile atá ceangailteach ó thaobh dlí chun cosc paindéime, ullmhacht agus freagairt a neartú faoi chuimsiú EDS. Chun an timthriall scaoll agus faillí a bhriseadh, tá gá le hinfheistíochtaí cliste a chuirfidh comhoibriú agus comhghníomhaíocht chomhordaithe ar fáil. Athrú ó bhonn a bheidh sa chomhaontú nua Paindéime trí chreat uileghabhálach a chur ar fáil chun na críche sin. Tá an tAontas ag tnúth le bheith ag obair leis na comhpháirtithe uile chun toradh uaillmhianach a bhaint amach. Tá sé chomh tábhachtach céanna maoiniú inbhuanaithe a áirithiú le haghaidh cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí chun tionchar tubaisteach sláinte agus socheacnamaíoch COVID-19 a sheachaint arís amach anseo. Is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh Ciste nua Idirghabhálach Airgeadais chun na críche sin.

***b) Aghaidh a thabhairt ar an 'ngéarchéim phláinéideach thriarach'***

27. Is bagairt eiseach í 'géarchéim phláinéideach thriarach' an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe do dhaoine agus don phláinéad agus ní mór dul i ngleic léi mar ábhar mór práinne - cuireann siad an fhorbairt inbhuanaithe i mbaol, neartaíonn siad na leochaileachtaí atá ann cheana, baineann siad an bonn de chearta an duine agus den tsíocháin dhomhanda. Sa tuarascáil is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, tugtar rabhadh faoi thionchair dho-aisiompaithe an téimh dhomhanda, ag tabhairt ar aird go bhféadfadh an t-athrú aeráide ár gcumas agus cumas an dúlra chun oiriúnú a shárú go luath - mura rud é go n-íslímid astaíochtaí go tapa. Ag an gcomhdháil idirnáisiúnta, d'iarr Stócólm+ 50 go mbeadh toil láidir pholaitiúil ann chun dlús a chur go práinneach le cur chun feidhme na ngealltanas do phláinéad folláin agus chun dul i mbun aistriú córasach, chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thriarach agus chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Beidh claochlú domhanda na gcóras bia i gcomhréir le gealltanais Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia ríthábhachtach freisin i ndáil leis sin.

28. Ní mór dúinn obair leantach a dhéanamh i dteannta a chéile ar ghealltanais Ghlaschú agus iad a chur chun feidhme ina n-iomláine agus uaillmhian níos mó a áirithiú ag an gcéad chruinniú COP eile san Éigipt. Ní mór do thíortha pleananna aeráide níos uaillmhianaí do 2030 agus spriocanna agus pleananna inchreidte do 2050 a thíolacadh. Ní mór dúinn na sreafaí airgeadais uile a ailíniú leis an sprioc glan-nialasach a bhaint amach thart ar lár an chéid chomh maith le comhaontú Ghlaschú maidir le maoiniú don oiriúnú a dhúbailt le chéile chun cothromaíocht a bhaint amach idir iarrachtaí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó. Ní mór dúinn freisin gach sreabhadh airgeadais agus gach infheistíocht airgeadais a ailíniú le cuspóirí bithéagsúlachta domhanda, agus aird á tabhairt freisin ar choireacht eagraithe thrasnáisiúnta mar fhoinse chailliúint na bithéagsúlachta, atá le comhaontú i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta tar éis 2020 i mbliana. Oibreoimid i dtreo comhaontú domhanda a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de chun truailliú plaisteach a chomhrac.

29. Ní mór dúinn tacú le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus é ag iarraidh deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais nua do thaiscéalaíocht breoslaí iontaise agus do bhreoslaí iontaise. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfimis dlús lenár n-iarrachtaí chun aistriú fuinnimh atá athléimneach agus cóir a bhaint amach ar fud an domhain. Ní mór dúinn a bheith rannpháirteach i dtabhairt chun críche tuilleadh Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir le tíortha comhpháirtíochta ón Domhan Theas, ag COP27 agus níos faide i gcéin. Ní mór dúinn a bheith rannpháirteach i bPlean Gníomhaíochta Fuinnimh na Náisiún Aontaithe i dTreo 2025 agus sna Comhshocruithe Fuinnimh gaolmhara chun cabhrú le rialtais agus le geallsealbhóirí a ngealltanais fuinnimh a bhaint amach.

30. Is féidir leis na haigéin a bheith ina bhfoinse fuinnimh in-athnuaite, bia íseal-astaíochta agus nuálaíochta agus tá siad bunriachtanach chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach. Beidh cur i gcrích na caibidlíochta maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta i mbliana ar cheann de na príomhéachtaí chun sochair a bhaint amach don chine daonna.

31. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an uisce don fhorbairt inbhuanaithe, don tsíocháin agus don tslándáil agus do chomhlíonadh chearta an duine. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an uisce ar fud na n-earnálacha agus ar bhealach trasteorann. Tá an tAontas tiomanta do thoradh uaillmhianach inghníomhaithe a áirithiú ag Comhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe agus é mar aidhm dlús a chur le baint amach spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaineann le huisce, lena n-áirítear trí thoscaire speisialta nua de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le huisce a bhunú.

***c) Cuimsiú digiteach agus nascacht***

32. Tá flúirse deiseanna ar fáil sa spás digiteach, ach tá rioscaí teicneolaíochta amhail mí-úsáid na hintleachta saorga, nó cibirionsaithe, cibearchoireacht agus bréagaisnéis ag gabháil leis freisin. Ní mór dúinn cibearspás oscailte, saor, domhanda, cobhsaí agus slán a chur chun cinn ina mbeidh cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta i bhfeidhm go hiomlán. Is é an cúram atá orainn an claochlú digiteach a chur ag obair do chách - an choimíneacht dhigiteach a chosaint mar leas poiblí domhanda, nascacht inacmhainne, fhiúntach agus cuimsiú digiteach a bhaint amach, an bhearna dhigiteach a dhúnadh, agus urraim agus cosaint do chearta an duine a áirithiú ar líne mar a dhéanaimid as líne. Leanfaidh an tAontas de spás sibhialta ar líne, cosaint sonraí, an ceart chun príobháideachais a chosaint agus a chur chun cinn, agus leanfaidh sé de chur i gcoinne srianta státurraithe ar rochtain ar fhaisnéis, lena n-áirítear múchadh idirlín. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe chun an Dearbhú maidir le Todhchaí an Idirlín a chur chun feidhme chun tacú le hidirlíon oscailte, saor in aisce, domhanda, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán.

33. Is féidir leis an gComhshocrú Digiteach Domhanda mar atá molta ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe a bheith ina chumasóir agus ina luasaire do chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i réimsí eile. Tá an tAontas ag tnúth le bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach chun Comhshocrú Digiteach Domhanda atá dírithe go hiomlán ar an duine a bhunú - comhshocrú lena n-áiritheofar cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith an spáis dhigitigh agus úsáid teicneolaíochtaí gaolmhara, lena dtabharfar aghaidh ar na deiseanna agus na rioscaí a ghabhann leis i ngach gné de agus lena mbrisfear bacainní. Ba cheart gurb é an toradh a bheidh ann rialachas digiteach níos láidre, cuimsitheach, bunaithe ar chearta an duine agus il-gheallsealbhóra, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, rialtais, an tsochaí shibhialta, an saol acadúil agus an earnáil phríobháideach, chun leasa cách. Tá an tAontas ag súil go gcuideoidh Toscaire Teicniúil na Náisiún Aontaithe le seasamh leis an tsamhail il-gheallsealbhóra atá ann faoi láthair maidir le rialachas idirlín agus le feabhas a chur uirthi agus go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith teicneolaíochtaí digiteacha ar fud chóras na Náisiún Aontaithe.

***d) Cumhachtú na hóige***

34. Tá sé ríthábhachtach poitéinseal nuálach daoine óga a shlógadh le haghaidh na forbartha inbhuanaithe agus sochaithe atá níos daonlathaí, níos cuimsithí agus níos síochánta chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus chun an dlúthpháirtíocht idir glúine a athnuachan. Rannchuideoidh an tAontas le cumhachtú na hóige trí acmhainneachtaí na hóige a neartú, trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus trí dheiseanna a chur ar fáil chun forbairt inbhuanaithe a spreagadh ina bpobail, ina dtíortha agus ar fud an domhain. Léireoimid ceannaireacht agus cuirfimid rannpháirteachas fiúntach, éagsúil éifeachtach na hóige chun cinn laistigh de na Náisiúin Aontaithe agus níos faide i gcéin araon, a rannpháirtíocht ghníomhach iomlán sa saol poiblí agus polaitiúil ar gach leibhéal mar ghné riachtanach den daonlathas, den dea-rialachas agus den urraim do chearta an duine. Tá guth níos láidre don óige, go háirithe do mhná óga agus cailíní sa chinnteoireacht dhomhanda ríthábhachtach chun cur ar a gcumas gníomhú mar iolraitheoirí, ag rannchuidiú le beartais níos inbhuanaithe, muinín á hathbhunú in institiúidí poiblí agus todhchaí níos fearr á tógáil do chách — níos glaise, níos cuimsithí agus níos digití. Céim nithiúil chun na cuspóirí sin a bhaint amach a bheidh i mbunú Oifig Óige na Náisiún Aontaithe.

**III. I dtreo na Náisiún Aontaithe 2.0- CONAS?**

35. Leis an timpeallacht dhomhanda atá níos casta, athdhearbhaítear an gá atá le Náisiúin Aontaithe a bheidh réidh don todhchaí. Ní féidir linn aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna an 21ú haois le bosca uirlisí an 20ú haois. Seachas leanúint orainn d'fhreagairt ar dhúshláin agus géarchéimeanna domhanda, amhail coinbhleachtaí, neamhshlándáil an tsoláthair bia nó an t-athrú aeráide, ní mór dúinn géarchéimeanna agus mórthreochtaí amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas nó an t-athrú déimeagrafach a chosc agus a thuar ar bhealach níos fearr, agus ár measúnuithe a leabú inár bpleanáil straitéiseach agus inár gceapadh beartas. Chun é sin a bhaint amach agus ag tnúth le Cruinniú Mullaigh na Todhchaí in 2023, ní mór do na Náisiúin Aontaithe oiriúnú i gcomhréir le fís Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le 'Ár gComhchlár Oibre' agus beart a dhéanamh mar 'Aon NA amháin' ar fud an chórais.

36. Chun na Náisiúin Aontaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, ní mór dúinn cumais nua a fhorbairt lena gcuirfear lúfaireacht, lánpháirtiú agus comhtháthú chun cinn. Tacaíonn an tAontas leis na Náisiúin Aontaithe a uasghrádú trí infheistíocht a dhéanamh i 'gCúig Ais an Athraithe', agus béim níos láidre á leagan ar shonraí, ar bhainistiú bunaithe ar thorthaí, agus ar fhadbhreathnaitheacht straitéiseach. Tá na cumais sin mar bhunús le coincheap na Náisiún Aontaithe 2.0 i dtreo córas de chuid na Náisiún Aontaithe atá níos dírithe ar an todhchaí. Tacaímid freisin leis an togra le haghaidh Ardán Éigeandála chun feabhas a chur ar ár gcur chuige comhchoiteann maidir le bainistiú géarchéime. Is díol sásaimh don Aontas an togra chun Bord Comhairleach Eolaíoch Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe a athbhunú mar ghné lárnach chun cinnteoireacht a neartú sna Náisiúin Aontaithe agus an ról atá aige mar fhoinse sonraí agus fianaise iontaofa, agus tá sé réidh chun cabhrú lena chomhlachtaí comhairleacha eolaíochta féin. Is é an Cruinniú Mullaigh maidir leis an Todhchaí an deis cheart chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas claochlaithe seo agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis. Tá an tAontas ag tnúth le teagmháil a dhéanamh leis na gníomhaithe uile atá bainteach chun toradh fadbhreathnaitheach, uaillmhianach a bhaint amach.

37. Ciallaíonn Náisiúin Aontaithe 2.0 freisin eagraíocht a mhaoinítear go hinbhuanaithe agus atá níos cuimsithí, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí. Gníomhaithe amhail an tsochaí shibhialta, cosantóirí chearta an duine, na comhpháirtithe sóisialta, an óige, parlaimintí, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus eagraíochtaí réigiúnacha — is gné ar leith iad go léir agus neartaíonn siad ár gcinnteoireacht. Cuireann sé sin le dlisteanacht na Náisiún Aontaithe agus cuidíonn sé le cur in iúl dár saoránaigh cén fáth gurb é an t-iltaobhachas agus na Náisiúin Aontaithe an bealach is fearr chun torthaí a bhaint amach ar mhaithe le cách. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le Náisiúin Aontaithe a chur chun cinn a bheidh níos nua-aimseartha, níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do na hathruithe claochlaitheacha sin, ionas go mbeidh na Náisiúin Aontaithe ullamh mar is ceart chun dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann amach anseo.